Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Bealtaine 2020
(OR. en)

7841/20

**Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0169(COD)**

CODEC 360
ENV 223
SAN 151
CONSOM 80
AGRI 126
PE 18

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | **GNÍOMHARTHA REACHTACHA A GHLACADH TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA**<br>Toradh le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE i ndáil le híoscheanglais maidir le hathúsáid uisce<br>- An toradh ar an dara léamh i bParlaimint na hEorpa,<br>(An Bhruiséil, 13 go 16 Bealtaine 2020) |

## I. VÓTÁIL

Ar an 13 Bealtaine 2020, dhearbhaigh Uachtarán Pharlaimint na hEorpa go raibh an seasamh ón gComhairle[1] ar an gcéad léamh formheasta gan aon leasú.

Tá téacs an rúin reachtaigh ó Pharlaimint na hEorpa i gceangal leis an nóta seo.

[1] 15301/19 REV 2.

## II. GLACADH NA nGNÍOMHARTHA REACHTACHA TAR ÉIS AN DARA LÉAMH I bPARLAIMINT NA hEORPA

Ós rud é gur fhormheas Parlaimint na hEorpa an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh gan aon leasú, measfar gur glacadh an gníomh atá i gceist san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, mar a fhoráiltear don mhéid sin in Airteagal 294(7)(a) CFAE.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Uachtarán na Comhairle agus Ard-Rúnaithe an dá institiúid, foilseofar an gníomh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

## Íoscheanglais le haghaidh athúsáid uisce ***II

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Bealtaine 2020 ar an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le híoscheanglais le haghaidh athúsáid uisce (15301/2/2019 – C9-0107/2020 – 2018/0169(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an dara léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh (15301/2/2019 – C9-0107/2020),

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 12 Nollaig 2018[2],

– ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún an 6 Nollaig 2018[3],

– ag féachaint dá seasamh ar an gcéad léamh[4] ar an togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2018)0337),

– ag féachaint d'Airteagal 294(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do Riail 67 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh don dara léamh ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia (A9-0098/2020),

1. ag formheas an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh;

2. ag tabhairt dá haire an ráiteas ón gComhairle atá i gceangal leis an rún seo;

3. ag tabhairt dá haire go nglactar an gníomh i gcomhréir le seasamh na Comhairle;

4. á threorú dá hUachtarán an gníomh a shíniú le hUachtarán na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 297(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

5. á threorú dá hArd-Rúnaí an gníomh a shíniú, a luaithe a fhíoraítear go bhfuil na nósanna imeachta go léir curtha i gcrích go cuí, agus, i gcomhaontú le hArd-Rúnaí na Comhairle, socrú a dhéanamh maidir lena fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

---

[2] IO C 110, 22.3.2019, lch. 94.
[3] IO C 86, 7.3.2019, lch. 353.
[4] Téacsanna arna nglacadh an 12.2.2019, P8_TA(2019)0071.

6. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

## IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN RÚN REACHTACH

### DEARBHÚ ÓN gCOIMISIÚN MAIDIR LE MICREAPHLAISTIGH

Aithníonn an Coimisiún gur substaintí iad na micreaphlaistigh a bhfuil imní ag éirí fúthu maidir le cáilíocht an uisce. I bhfianaise an mhéid sin, agus ó mheastar gur saincheist ghinearálta é sin nach bhfuil teoranta don uisce athshlánaithe, geallann an Coimisiún cur lena iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist thábhachtach seo.